



Réamhrá

Tá an Plean Freagartha Covid-19 seo deartha chun tacú leis an bhfoireann agus leis an mBord Bainistíochta bearta a chur ar bun chun scaipeadh Covid-19 a chosc i Scoil Oilibhéir.

Sa Phlean Freagartha Covid-19 tugtar sonraí na bpolasaithe agus na gcleachtas is gá do scoil a chomhlíonadh de réir 'Prótacal Sábháilteachta um Filleadh ar an Obair' an Rialtais, Plean na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh athoscailt Scoileanna agus le scaipeadh Covid-19 i dtimpeallacht scoile a chosc. Cuimsítear sa phlean an chomhairle reatha maidir le bearta chun scaipeadh an Covid-19 sa phobal a chosc mar atá eisiithe ag an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE).

Tá sé tábhachtach múineadh agus foghlaim scoil-bhunaithe a atosú agus áiseanna scoileanna a athoscailt leis an bprótacal agus go laghdófaí an baol do dhaltaí, don fhoireann agus do dhaoine eile a oiread is féidir. Mar go bhfuil an chomhairle a eisiónn NPHE ag forbairt i gcónaí, d'fhéadfadh an prótacal seo agus na bearta a bheith le leanúint ar an mbainistíocht agus an lucht foirne athrú chomh maith.

Tacóidh an plean freagartha le hathoscailt inbhuanaithe ár scoile agus é mar phríomhchuspóir againn sláinte na foirne agus na ndaltaí a chosaint le linn dúinn riachtanais oideachais agus forbartha na leanaí sa scoil a chur chun cinn.

De réir an Phrótacail Sábháilteachta Filleadh ar an Obair, beidh cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibríoch idir an Bord Bainistíochta, an fhoireann, na daltaí agus na tuismitheoirí de dhíth le fillleadh ar an obair go sábháilte agus go leanúnach.

Tá cúnaimh agus comhoibriú na mball foirne, na ndaltaí, na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí go léir ríthábhachtach do rath an phlean.

Déantar gach iarracht cruinneas na faisnéise a thugtar sa cháipéis seo a chinntiú. Ach má fheictear earráidí nó easnaimh, déan teagmháil linn ionas gur féidir na gníomhartha cuí a dhéanamh le hiad a cheartú.

Nóta: Is cáipéis bheo oibre é an plean agus féadfar é a athbhreithniú agus a leasú le treoir nua ó www.Gov.ie, www.dbei.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie, www.hsa.ie; www.education.ie; a chur san áireamh.



Polasaí COVID-19 Scoil Oilibhéir

Tugann an polasaí COVID-19 seo forléargas ar ár dtiomantas mar scoil i leith fheidhmiú an phlean agus cabhróidh sé linn scaipeadh an víris a chosc. Beidh an polasaí sínithe agus dátaithe ag an bPríomhoide agus ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus cuirfear in iúl é do lucht foirne, daltaí, tuismitheoirí agus daoine eile.

Tá Scoil Oilibhéir tiomanta do láthair oibre shábháilte shláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus timpeallacht sláinte foghlama a sholáthar dár ndaltaí uile. D'fhonn sin a chinntiú, tá an Plean Freagartha COVID-19 seo forbartha againn. Tá an Bord Bainistíochta agus foireann uile na scoile freagrach as feidhmiú an phlean seo agus cabhróidh a gcomhiarracht le scaipeadh an víris a mhoilliú. An plean:

- Leanfar le faireachán leanúnach ar an bhfreagairt COVID-19 agus leasófar an plean seo i gcomhairle le lucht foirne
- Cuirfear faisnéis suas chun dáta ar fáil don fhoireann agus do na daltaí faoin gcomhairle Sláinte Phoiblí a eiseoidh an FSS agus an Rialtas (Gov.ie)
- Cuirfear comharthaí agus siomptóim COVID-19 agus na modhanna cearta le lámha a ní ar taispeáint
- Aontófar ionadaí obrithe leis an bhfoireann a bheidh inaitheanta go héasca leis an ról atá imlínithe sa phlean seo maidir le soláthar samhraidh a chomhlíonadh
- Cuirfear béasaíocht riachtanach sláinteachais agus riospráide, agus an bhéasaíocht maidir le scaradh fisiciúil in iúl don fhoireann agus do na daltaí uile
- Déanfar an scoil a oiriúnú don scaradh fisiciúil de réir mar is cuí faoi threoir agus faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Coinneofar loga teagmhálacha le rianú teagmhálacha a éascú
- Cinnteofar go mbeidh an fhoireann agus na daltaí páirteach sna seisiúin ionductaithe/cleachtaithe a chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil
- cuirfear na nósanna imeachtaí comhaontaithe atá le leanúint i gcás go léiríonn duine éigin siomptóim COVID-19 agus iad ar scoil i bhfeidhm
- cuirfear treoracha ar fáil do lucht foirne agus do dhaltaí a bheidh le comhlíonadh acu má fhorbraíonn siad comharthaí agus siomptóim COVID-19 le linn am scoile
- cuirfear glantachán i bhfeidhm de réir chomhairle na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Beifear i gcomhairle le gach ball foirne ar bhonn leanúnach agus spreagfar aiseolas faoi aon údar imní, saincheisteanna nó moltaí atá acu.
- Is féidir é seo a dhéanamh trí Phríomhionadaí na nOibríthe Anne Marie Ní Chonghaile

Tugann an polasaí COVID-19 seo forléargas ar ár dtiomantas mar scoil i leith fheidhmiú an phlean agus cabhróidh sé linn scaipeadh an víris a chosc. Beidh an polasaí sínithe agus dátaithe ag an bPríomhoide agus ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus cuirfear in iúl é do lucht foirne, daltaí, tuismitheoirí agus daoine eile.

Sínithe:

Aon Scleirgh.

Dáta: 21 Lunasa 2020



1. Pleanáil agus Ullmhú don Fhilleadh ar an Scoil

Tá sé d'aidhm ag an mBord Bainistíochta atosú an teagasc agus na foghlama sa scoil agus fillleadh na foirne ar an láthair oibre a éascú. Ní mór an fillleadh ar an obair a dhéanamh go sábháilte ag cloí go dlúth le comhairle agus le treoracha na n-údarás sláinte poiblí agus an Rialtais.

Foirgnimh na Scoile

- Seiceáil an gá an córas uisce a shruthlú ag asraonta tar éis úsáid íseal chun galar Legionella a chosc;
- Seiceáil an ndearnadh trealamh na scoile agus aeráil mheicniúil a sheiceáil le haghaidh comharthaí meath nó damáiste sula n-úsáidfear arís iad
- Seiceáil ar cuireadh tús le bailiú araidí bruscair agus le seirbhísí riachtanacha arís.

Comharthaíocht

Beidh fógraí a léiríonn comharthaí agus siomptóim COVID-19 agus a thacaíonn le sláinteachas maith láimhe agus riospráide curtha in áiteanna feiceálacha ar fud na scoile. Tabharfaidh fógraí treoir do pháistí chuig a seomraí ranga freisin.

Nós Imeachta um Fhilleadh ar Obair

D'fhonn fillleadh ar an láthair oibre, ní mór do lucht foirne foirm Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú, agus tá sé sin ar fáil go leictreonach nó ón bPríomhoide. Tá cóip chrua ceangailte leis seo in **Aguisín 1**.

Níor cheart foirm Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú ach **3 lá ar a laghad** roimh aon dáta molta um fhilleadh ar an láthair oibre.

Ar an fhoirm chomhlánaithe a fháil, soláthróidh an Príomhoide sonraí faoin **Oiliúint Ionduchtaithe** atá le comhlíonadh ag an bhfoireann roimh fhilleadh ar an láthair oibre agus sonraí faoi aon bhearta breise sláinte agus sábháilteachta a bheidh ar bun sa scoil d'fhonn fillleadh an bhall foirne ar shaoráid na scoile a éascú.

2. Filleadh ar an obair go sábháilte agus Príomhionadaí na nOibrithe

Beidh an fhreagracht maidir le Plean Freagartha Covid-19 a fhorbairt agus a fheidhmiú agus na bearta rialaithe a bhaineann leis ar an mBord Bainistíochta agus ar cheannasaíocht na Scoile go príomha.

Déantar foráil sa phrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte le haghaidh gnáthaimh chomhaontaithe idir an bhainistíocht agus an fhoireann le Príomhionadaí Oibrithe a cheapadh chun ról ar leith a líonadh.

Is é ról an ionadaí oibrithe a chinntiú go gcloítear leis na bearta Covid-19 sa láthair oibre mar a leanas;

- Oibriú i gcomhar le bainistíocht na scoile chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, maidir le COVID-19;
- Dea-chleachtais sláinteachais a chur chun cinn i gcomhar le bainistíocht na scoile, cosúil le lámha a ní go rialta agus dea-bhéasaíocht riospráide a choimeád chomh maith le scaradh sóisialta de réir comhairle sláinte poiblí.
- Cabhrú le bainistíocht na scoile bearta a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a choimeád faoi chois san áit oibre de réir an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair agus comhairle sláinte poiblí reatha;
- Monatóireacht a dhéanamh, i gcomhar le bainistíocht na scoile, ar chomhlíonadh na mbearta a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc.
- Dul i gcomhairle le comhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre.
- Uirill a dhéanamh chuig bainistíocht na scoile thar ceann a gcomhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre

Má bhíonn aon ábhar imní nó tuairim ag ball foirne maidir leis an bPlean Freagartha Covid-19 agus na bearta rialaithe nó faoi chomhlíonadh na mbearta rialaithe sin ag baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí, conraitheoirí nó cuairteoirí, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le Príomhionadaí na nOibrithe a dhéanfaidh teagmháil dá réir leis an bPríomhoide/Bord Bainistíochta.

Ainm(neacha) Phríomhionadaí na nOibrithe:	Mionsonraí Teagmhála
ANNE MARIE NÍ CHONGHAILE	



Tá gach ball foirne, tuismitheoir/caomhnóir, conraitheoir agus cuairteoir, mar dhaoine aonair agus i dteannta a chéile, freagrach as aird chuí a thabhairt ar a sláinte agus a sábháilteacht féin agus ar shláinte daoine eile agus as cuidiú le cur i bhfeidhm Phlean Freagartha Covid-19 agus na bearta rialaithe gaolmhara.

3. Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca

Is ionann an COVID-19 agus guais i gcomhthéacs sláinte agus sábháilteachta i dtimpeallacht na scoile.

Déanfaidh an scoil athbhreithniú ar a ngnáthaimh éigeandála maidir le sábháilteacht tine, garchabhair, timpistí agus teagmhais chontúirteacha le haon riosca nua a eascraíonn as Plean Freagartha COVID-19 a chur san áireamh. Is ceart aon athrú a dhéantar ar ghnáthaimh éigeandála reatha na scoile a chlárú.

Níor cheart d'aon dalta atá ag fillleadh ó thíortha thar lear teacht ar scoil gan 14 lá féinleithlisiú a dhéanamh más gá de réir srianta an Rialtais. Ba cheart do bhaill na foirne atá ag fillleadh ó thíortha thar lear an Fhoirm FAO a líonadh agus cloí le riachtanais an Fhéinleithlise.

4. Comhairle ghinearálta maidir le scaipeadh an víris a chosc

D'fhonn cosc a chur ar scaipeadh COVID-19 tá sé tábhachtach go mbeadh eolas agus aitheantas agat ar na siomptóim. Seo iad:

- ✓ Teocht ard
- ✓ Casacht
- ✓ Giorra anála nó deacrachtaí anála
- ✓ Cailleadh bolaidh, blaiste, nó saobhadh blaiste

Is é an bealach is fearr le scaipeadh COVID-19 a chosc i scoil ná an riosca go dtabharfaí an galar isteach i suíomh na scoile a íoslaghdú ar an gcéad dul síos.

Is féidir é sin a bhaint amach trí na bearta seo a leanas:

- Tuiscint ar COVID-19 agus ar na comharthaí a bhaineann leis a ardú i measc na foirne, na ndaltaí, na dtuismitheoirí agus na gcuariteoirí.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne agus ar thuismitheoirí daltaí a bhfuil siomptóim COVID-19 orthu, nó galair thógálacha géarmhíochaine eile orthu, gan freastal ar scoil, glaoc ar a ndochtúir teaghlaigh agus treoir FSS maidir le féinleithlisiú a leanúint.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne agus ar thuismitheoirí daltaí a aithníodh ag an FSS mar theagmhálaí le duine le COVID-19 gan freastal ar scoileanna agus comhairle FSS a leanúint maidir le sriangluaiseachta.
- A chinntiú go bhfuil a fhios ag an bhfoireann agus ag na daltaí cad atá le déanamh má mhothaíonn siad siomptóim ar scoil.
- Ba chóir go ndéanfaidh gach duine a thagann isteach i bhfoirgneamh na scoile sláinteachas láimhe a chleachtadh le díghalrán láimhe.
- Níor cheart do chuariteoirí teacht chuig an scoil i rith an lae ach amháin trí shocrú roimh ré a dhéanamh agus ba cheart bualadh leo ag pointe teagmhála ar leith.
- Ar a laghad uair amháin gach lá, buailfidh an príomhoide isteach go dtí na seomraí chun na nósanna imeachta nua a mheabhú agus chun na páistí a mholadh as a gcuid iarrachtaí
- Cinnteoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfear an chomhairle uasdáthaithe go léir chuig na scoileanna. Socróidh Scoil Oilibhéir go ndáilfear an chomhairle seo ar bhaill foirne, ar dhaltaí agus ar chuariteoirí go pras.

Is ceart do bhaill foirne, tuismitheoirí agus chuariteoirí cloí i gcónaí leis an gcomhairle agus leis na treoracha is déanaí ó na húdaráis sláinte phoiblí maidir le cosaint a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile in aghaidh an riosca atá cruthaithe ag an víreas Covid-19.

<https://www2.hse.ie/coronavirus/>



5. An riosca go scaipfear COVID-19 a bhainistiú

Nigh na lámha go rialta

Tá níochán rialta na lámha le gallúnach agus uisce éifeachtach le COVID-19 a chealú.

Lean treoracha an FSS maidir le níochán na lámha:

Tá comhairle úsáideach ón FSS maidir leis na lámha a ní ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://www2.hse.ie/wellbeing/how-to-wash-your-hands.html>

Sláinteachas Lámha agus Díghalróirí Lámha

Is féidir sláinteachas lámha a bhaint amach chomh maith trí úsáid a bhaint as díghalróirí lámha (nuair a bhíonn na lámha glan).

Tá sé níos éasca feidhm a bhaint as díghalróirí lámha i dtimpeallacht na scoile chun cur isteach ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim a sheachaint agus chun plódú foirne agus daltaí a bheadh ag fanacht le háiseanna níochán lámha a úsáid a sheachaint.

Beidh siad ar fáil ag pointí iontrála agus imeachta agus i ngach seomra ranga.

Ná teagmhaigh le súile, le srón ná le béal

Cén fáth? Teagmhaíonn na lámha le mórán dromchlaí agus is féidir leo víris a phiocadh suas. Nuair a éilítear iad, is féidir leis na lámha an víreas a aistriú chuig súile, srón nó béal.

Scaradh Fisiciúil

Moltar scaradh fisiciúil le scaipeadh an ionfhabhtaithe a laghdú sa láthair oibre.

Cleachtaigh sláinteachas riospráide

Déan cinnte go gcleachtaíonn tú féin agus na daoine mórthimpeall ort dea-shláinteachas riospráide. Ciallaíonn sé seo do bhéal agus do shrón a chlúdach le ciarsúr páipéir nó le d'uillinn lúbtha nuair a dhéanann tú casacht nó sraoth. Faigh réidh láithreach leis an gciarsúr páipéir úsáidte.

Le dea-chleachtais sláinteachais agus níochán ceart rialta na lámh is féidir cabhrú le scaipeadh an víris a stopadh. Tá sé ríthábhachtach mar sin go gcloíonn gach ball foirne leis an gcomhairle seo agus go nglacann siad chomh docht agus is féidir leis na cleachtais a leanas

Le déanamh:

- Na lámha a ní i gceart agus go minic
- An béal agus an tsrón a chlúdach le ciarsúr páipéir nó le do mhuinchille nuair a dhéanann tú casacht agus sraoth.
- Ciarsúir úsáidte a chur sa bhosca bruscair agus do lámha a ní
- Nithe agus dromchlaí a dteagmhaítear go minic leo a ghlanadh agus a dhíghalrú.

Ná déan:

- Teagmháil le súile, le srón nó le béal mura bhfuil na lámha glan.
- Rudaí a dhéanann teagmháil le do bhéal a chomhroinnt - mar shampla buidéal, cupáin, sceanra srl.



Daoine le riosca fíor-ard (fíorleochaileacha)

Tá grúpaí ardriosca aitheanta sna treoirínte reatha sláinte phoiblí. Tá na grúpaí leagtha amach ag an FSS mar a leanas, ina n-áirítear daoine

- atá os cionn 70 bliain d'aois - fiú má tá siad ábalta agus folláin
- a raibh trasphlandú orgáin acu
- atá faoi cheimiteiripe ghníomhach le haghaidh ailse
- atá faoi raiditheiripe ghníomhacht le haghaidh ailse scámhóige
- a bhfuil ailse fola nó smeara ar nós leicéime, liomfóma nó mialóma orthu agus atá in aon chéim cóireála
- atá ag fáil imdhíon-teiripe nó aon chóireáil antasubstainte don ailse
- atá ag fáil aon chóireáil ailsedhíithe eile a chuirfeadh isteach ar an gcóras imdhíonachta, ar nós coscairí próitéin chionáise nó coscairí PARP
- a fuair trasphlandú smeara nó gaschille le sé mhí anuas, nó atá ag caitheamh drugaí imdhíon-sochta go fóill
- dianriochtana riospráide lena n-áirítear fiobróis chisteach, asma dian, fiobróis scamhógach, galar scáineach scamhóige agus galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD)
- a bhfuil riocht acu a chiallaíonn go bhfuil ardriosca ann go bhfaigheadh siad ionfhabhtú (ar nós SCID, corráncill homaisigeach)
- atá ag caitheamh cógais a d'fhéadfadh níos mó ionfhabhtú a cheadú (dáileoga arda stéaróideacha nó teiripí imdhíon-sochta)
- a bhfuil dianriocht croí orthu agus atá torrach

Is ceart do bhaill foirne sa ghrúpa seo féinfhógairt a dhéanamh ar an bhfoirm Filleadh ar an Obair má chreideann siad go bhfuil siad in ardriosca. Tá sonraí i dtaobh na socruithe saoire atá i bhfeidhm curtha timpeall agus le fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Mura mbíonn an Bord/Príomhoide cinnte an mbaineann baill foirne leis an roinn ardriosca seo, iarrfar comhairle ón tSeirbhís Sláinte Cheirde.

6. Bearta Rialaithe

Tá réimse bearta rialaithe curtha i bhfeidhm leis an riosca go scaipfeadh an víreas Covid-19 a laghdú agus le sábháilteacht, sláinte agus leas bhaill foirne, daltaí, tuismitheoirí/caomhnoirí agus cuairteoirí a chosaint a oiread is féidir laistigh den scoil.

Tugtar forléargas ar na bearta rialaithe sa cháipéis seo.

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na bearta rialaithe seo agus déanfar uasdátú orthu mar is gá ar bhonn leanúnach.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh baill foirne, tuismitheoirí/caomhnoirí agus cuairteoirí eolach faoi na bearta rialaithe atá léirithe agus go gcloifidh siad leo, agus go mbeidh siad ag comhoibriú go hiomlán leis na riachtanais sláinte agus sábháilteachta uile.

Ba chóir do bhaill foirne go háirithe a thabhairt faoi deara go bhfuil dualgas dlí orthu faoi Alt 13 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 na riachtanais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh agus cúram réasúnta a ghlacadh maidir lena sláinte agus a sábháilteacht féin, a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile sa láthair oibre.

Tá na bearta rialaithe seo a leanas curtha ar bun:

i. Foirm Filleadh ar an Obair

Beidh ar bhaill foirne foirm Filleadh ar an Obair (FFO) a chomhlánú 3 lá ar a laghad roimh fhilleadh ar láthair na scoile (féach Roinn 3 thuas). Is é is cuspóir don fhoirm FFO deimhniú a fháil ón bhfoireann, de réir a n-eolas, nach bhfuil aon siondróm den Covid-19 acu agus nach bhfuil scaradh ná clutharú á dhéanamh acu orthu féin ná nach bhfuil siad ag feitheamh ar thorthaí triail Covid-19.



ii. Oiliúint Ionduchtaithe

Déanfaidh an fhoireann uile Oiliúint Ionduchtaithe Covid-19 agus críochnóidh siad í roimh fhilleadh ar fhoirgneamh na scoile. Is í aidhm na hoiliúna seo a chinntiú go mbeidh láneolas agus tuiscint ag an bhfoireann ar na nithe seo:

- An chomhairle agus an treoir is nuashonraithe faoin sláinte phoiblí
- Siomptóim Covid-19
- Cad atá le déanamh má fhorbraíonn ball den fhoireann nó dalta siomptóim Covid-19 ar scoil
- Forléargas ar an bplean freagartha Covid-19

Coinneofar an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoi na bearta rialaithe atá ar bun sa scoil agus faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá orthu maidir le scaipeadh Covid-19 a chosc agus maidir le haon athruithe ar na bearta rialaithe nó ar an treoir atá ar fáil ó na húdaráis sláinte poiblí.

Má bhíonn baill foirne neamhchinnte faoi aon ghné den Plean Freagartha Covid-19, na bearta rialaithe a ghabhann leis, nó a gcuid dualgas, ba cheart dóibh treoir a lorg láithreach ón bPríomhoide.

iii. Béasaíocht Sláinteachais agus Riospráide

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh gach ball foirne, dalta, tuismitheoir/caomhnóir, agus cuairteoir eolach ar chleachtas mhaithe sláinteachais lámh agus riospráide, agus go gcleachtóidh siad iad.

Beidh cáipéisí treorach agus póstaer Eolais ar fáil in ionaid éagsúla i saoráid na scoile. Taispeánfar na póstaer eolais go feiceálach in ionaid chúil laistigh d'fhoirgneamh na scoile lena n-áirítear oifigí, dorchaí, limistéar na foirne, seomraí ranga agus ionaid leithris. Tá siad ann le heolas a thabhairt agus a le tábhacht an tsláinteachais mar bhealach le scaipeadh an víris Covid-19 agus sláinte agus sábháilteacht a chosaint a mheabhrú do chách.

Beidh áiseanna níos álainn lámhe agus / nó díghalráin lámh ar fáil ag go leor áiteanna laistigh den scoil agus beidh siad ar fáil i ngach seomra ranga.

iv. Úsáid Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

Is gá anois do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, ó thuismitheoirí, ó chuireoirí riachtanacha nó ó dhaltaí.

Ní mór TCP a úsáid freisin ag gníomhaíochtaí oibre nó i limistéir oibre áirithe. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh:

- Cúram dlúthpearsanta a dhéanamh
- Má aithnítear cás amhrasta COVID-19 le linn don scoil a bheith i mbun oibriúcháin
- Sa chás go bhfuil ball foirne an-leochaileach maidir le hionfhabhtú ach nach bhfuil siad i liosta na ndaoine a rangáitear mar dhaoine i ngrúpaí atá i bhfíorbhaol, nó go bhféadfaidís a bheith ina gcónaí le daoine atá i gcatagóir na ndaoine atá i bhfíorbhaol.
- Garchabhair a thabhairt
- Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí.

Sa chás go gcuireann an fhoireann cúram sláinte ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu i dtimpeallacht na scoile, ba cheart dóibh réamhchúraimí caighdeánacha a chur i bhfeidhm de réir gnáthchleachtas.

Limistéir Fáiltithe

Tarlóidh aon idirghníomhú leis an rúnaí trí fhuinneog dhúnta na hoifige. Níl cead ach ag beirt san oifig ag aon am amháin.



Masc/Clúdaigh Aghaidhe - <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/face-masks-disposable-gloves.html>

Ní mholtar go gcaithfeadh páistí bunscoile masc/clúdach aghaidhe ach dá mb'fhearr le tuismitheoirí go gcaithfeadh páiste é, níl aon fhadhb ag an scoil leis sin. Caithfidh an páiste bheith in ann an masc a bhainistiú – ní bheidh cead ag baill foirne aon mhasc a láimhseáil.

Is gá anois do bhaill foirne clúdach aghaidhe a chaitheamh nuair nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar ó bhaill foirne eile, ó thuismitheoir, ó chuaríteoir riachtanach nó ó dhalta, a choinneáil.

Caithfidh gach ball foirne scáthlán aghaidhe. Is faoin mball foirne é aire a thabhairt dá scáthlán féin agus an príomhoide a chur ar an eolas más gá ceann eile a fháil.

Tá soláthar masc aghaidhe indiúscartha ag Scoil Oilibhéir mar chúl taca do bhaill na foirne má tá gá leis agus do chuaríteoirí

Clúdach Aghaidhe: Moltar go láidir do thuismitheoirí clúdach aghaidhe a chaitheamh más féidir leo nuair:

- atá páistí á dtabhairt go/á bhailiú ó scoil
- atá siad ar láthair na scoile
- atá cúis acu teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile, tá clúdach aghaidh **riachtanach**

Ní chuireann clúdach aghaidhe nó masc a chaitheamh deireadh leis an ngá fanacht sa bhaile má tá airíonna breoiteachta ar dhuine.

Lámhainní

De ghnáth, ní bhíonn úsáid lámhainní indiúscartha sa scoil oiriúnach ach d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach le haghaidh nithe ar nós glanadh, suíomhanna cúraim phearsanta nó nuair a bhíonn garchabhair á tabhairt. Ní chosnaíonn gnáthúsáid an duine féin agus d'fhéadfadh go nochtadh sé daoine eile do riosca ó lámhainní éillithe. Ní féidir gnáthúsáid lámhainní indiúscartha a chur in ionad sláinteachais lámh.

Naprúin

D'fhéadfadh naprúin a bheith oiriúnach freisin i gcúinsí áirithe lena n-áirítear chun freastal ar riachtanais chúraim phearsanta nó don bhfoireann atá sannta do limistéar a ghlanadh ina raibh cás amhrasta nó deimhnithe COVID-19.

v. Glantachán

Tá socruithe déanta le haghaidh glantacháin níos rialta agus níos iomláine de limistéir agus dromchlaí laistigh den scoil.

Déanfar comhlíonadh agus dromchlaí a ndéantar teagmháil leo go minic a ghlanadh go rialta agus go hiomlán, go háirithe leithris, murláin doirse agus cistineacha. Déanfar an glantachán go rialta agus aon uair a bhíonn sé le feiceáil go bhfuil saoráidí nó dromchlaí salach.

Beidh fáil ag gach ball foirne ar tháirgí glantacháin agus beidh orthu a limistéir oibre féin a choinneáil glan.

Is ceart don fhoireann a limistéar oibre a ghlanadh agus a dhíghalrú go hiomlán roimh agus tar éis iad a úsáid gach lá.

Beidh bailiúchán rialta ann de mhálaí dramhaíle úsáidte ó oifigí agus ó limistéir eile laistigh d'áis na scoile.

Ní mór do bhaill foirne a gcuid trealamh agus uirlisí féin a úsáid agus a ghlanadh (cupán, sceanra, pláta srl).

vi. Rochtain ar shaoráid na scoile / ar na loga teagmhála

Is de réir ghnáthaimh chomhaontaithe na scoile a cheadófar rochtain ar fhoirgneamh na scoile.

Déanfar socruithe le haghaidh chuaríteoirí riachtanacha ar nós conraitheoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a shrianadh le haghaidh cuspóirí riachtanacha amháin agus beidh siad teoranta dóibh siúd a bhfuil cead faighte roimh ré acu ón bPríomhoide.

Caithfidh gach cuairteoir chun na scoile masc an t-am ar fad agus meabhrófar dóibh faoin scaradh fisiciúil agus faoin mbéasaíocht riospráide agus iarrfar orthu gan lámh a leagan ar aon rud gan chúis.

Coimeádfar loga sonracha faoi theagmhálacha foirne agus daltaí. Féach chomh maith an loga teagmhála do chuaríteoirí in Aguisín 3.

vii. Gnáthamh Garchabhrach/Éigeandála

Beidh feidhm i gcónaí leis an ngnáthamh caighdeánach Garchabhrach/Éigeandála atá i Scoil Oilibhéir



7. Déileáil le cás amhrasta Covid-19

Ní ceart do bhaill foirne a bhfuil aon siomptóm den Covid-19 á léiriú acu freastal ar an scoil. Tugtar forléargas thíos ar an gcaoi a dtabharfaidh Scoil Oilibhéir faoi chás amhrasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an lá oibre.

Tá Seomra Leithlise Ainmnithe (SLA) sa halla, san áit ina mbíodh an seomra stórais spóirt. Tá fuinneog *perspex* ar an seomra seo anois.

Má léiríonn dalta siomptóim den Covid-19 i Scoil Oilibhéir cuirfear na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Cuirfidh an múinteoir ranga gloch ar an bPríomhoide.
- Rachaidh an príomhoide chun an páiste a bhailiú ón doras seachtrach.
- Déanfar teagmháil láithreach leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun an dalta a bhailiú agus míneofar dóibh gur gá an dalta a bhailiú ag doras seachtrach an halla
- Déanfar an dalta a leithlisiú sa SLA
- Rachaidh ball na foirne leis an dalta go dtí an SLA, bainfear úsáid as doirse seachtracha agus cosáin sheachtracha nuair is féidir
- Coinneofar achair 2m i gcónaí ón dalta
- Déanfar cinnte de go bhfanann gach duine eile níos mó na 2m ón dalta
- Tabharfar masc don dalta agus caithfidh siad é
- Munar féidir achair 2m a choinneáil, caithfidh ball na foirne atá in éineacht leis an dalta masc.
- Tá sé ríthábhachtach go bhfuil uimhreacha éigeandála ag gach tuismitheoir ar phróifíl *Aladdin* an pháiste.
- Fanfaidh an dalta le siomptóim san SLA go mbaileofar é/í. Fanfaidh an ball foirne lasmuigh den SLA
- Déanfar measúnú ar an teagmhas le húsáid le gníomhartha leantacha agus téarnamh a dheimhniú.
- Má tá an dalta maith go leor le dul abhaile, eagrófar é (mar a scríobhtar thuas) go dtógfadh duine gaolta leo abhaile iad chomh luath agus is féidir.
- Cuirfear comhairle ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí gur cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis an dochtúir teaghlaigh chun na siomptóim a mhíniú dó/di.
- Níor cheart iompar poiblí a úsáid
- Má tá an dalta róthinn le dul abhaile nó má tá comhairle ag teastáil, glaofar ar 112 nó 999 déarfai leo gurbothar COVID é/í an dalta tinn

Má léiríonn ball na foirne siomptóim den Covid-19 i Scoil Oilibhéir cuirfear na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Cuireann ball na foirne an oifig ar an eolas go bhfuil cúnamh agus feitheoireacht ag teastáil ina seomra agus fágann siad an seomra
- Cabhróidh an cúramóir leis an mball foirne teagmháil a dhéanamh leis an dochtúir agus/nó duine gaolta /cara leo chun iad a bhailiú mura bhfuil siad in ann tiomáint.
- Mura bhfuil duine ar fáil chun cabhrú leis an duine tinn, cuirfear gloch ar otharcharr
- Fanann an Ball Foirne san SLA fad is atá an síob ag teacht
- Níl cead ag baill eile na foirne dul abhaile leo
- Leantar na nósanna céanna chun SLA agus seomra ranga a ghlanadh



I ngach cás, eagrófar glanadh oiriúnach don SLA agus do na ceantair eile oibre.

Cuirfidh an FSS aon bhall foirne/tuismitheoirí atá tar éis a bheith ina ndlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe tríd an gcóras rianú teagmhálaí. Déanfaidh an FSS teagmháil le gach páirtí ábhartha nuair atá cás COVID deimhnithe. Ba cheart teoracha an FSS a leanúint agus tá rúndacht na foirne riachtanach an t-am ar fad.

7.1 Glanadh tar éis chás amhrasta COVID

- eagrófar glanadh oiriúnach don SLA agus do na ceantair eile oibre a bhí bainteach leis
- Gheofar réidh le haon bhrúscar ar bhealach slán sábháilte
- Déanfaidh na páistí na lámha a dhíghalrú agus rachaidh siad go spás lasmuigh nuair is féidir.
- Déanfar dianghlánadh agus díghalrú ar an seomra ranga ina raibh siad

8. Dualgais na Foirne

Tá dualgas reachtúil ar an bhfoireann aire réasúnta a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin agus do shláinte agus do shábháilteacht a gcomhghleacaithe agus daoine eile. D'fhonn fillleadh sábháilte ar an obair a éascú, áirítear i measc na ndualgas seo, iad seo a leanas, gan a bheith teoranta dóibh:

- Cloí le Plean Freagartha Covid-19 na Scoile agus leis na beartarailaithe atá imlínithe. Tá comhoibriú agus cúnamh na foirne uile riachtanach leis an riosca go scaipfidh Covid-19 a laghdú agus le sláinte agus sábháilteacht a chosaint sa scoil a oiread is féidir. Táról tábhachtach ag an bhfoireann go léir.
- Comhordú agus comhoibriú lena gcomhghleacaithe le cinntiú go gcoinnítear an scaradh fisiciúil.
- Siomptóim an Covid-19 a fhoghlaim dóibh féin agus faireachán a dhéanamh ar a bhfolláine féin.
- Scaradh a dhéanamh orthu féin sa bhaile agus teagmháil a dhéanamh go pras lena ndochtúir má léiríonn siad aon siomptóm den Covid-19.
- Gan fillleadh ar an scoil ná freastal uirthi ar chúis ar bith má tá siomptóim Covid-19 acu.
- Má thagann aon siomptóm den Covid-19 chun cinn orthu agus iad laistigh d'áis na scoile, is ceart dóibh cloí leis an nós imeachta atá imlínithe thuas.
- An fhoirm Filleadh ar an Obair a chomhlánú sula bhfillleann siad ar an obair.
- A chur in iúl don Phríomhoide má tá aon chúis eile ann a bhaineann le Covid-19, nach luaitear ar an bhfoirm, ar ghá dóibh iad a nochtadh ionas gur féidir leo fillleadh go sábháilte ar an láthair oibre.
- Ní mór dóibh Oilíuint Ionduchtaithe Covid-19 a chríochnú chomh maith le haon oilíuint eile atá riachtanach sula bhfillleann siad ar an scoil.
- Ní mór a bheith ar an eolas faoi chleachtais dhea-shláinte agus dea-bhéasa riospráide agus cloí leo.
- Fanacht ar an eolas faoi chomhairle uasdáitithe na n-údarás sláinte poiblí agus cloí leo.

9. Bainistiú neamhláithreachta a bhaineann le Covid

Déanfar bainistiú ar neamhláithreachta a bhaineann le Covid-19 de réir na nósanna imeachta atá aontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

10. Clár Cúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe

Tá sé d'aidhm ag an mBord Bainistíochta cosaint agus tacaíocht a thabhairt do shláinte agus d'fholláine (fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta srl) gach ball foirne agus iad ag obair, cibé acu a bhfuil siad ag obair in áis scoile nó sa bhaile nó lasmuigh den obair. Tuigtear don Bhord Bainistíochta go bhfuil tacaíocht agus cur chun cinn sláinte agus folláine na foirne thar a bheith tábhachtach sa chomhthéacs reachta mar a bhfuil dúshlán mhóra cruthaithe ag an bpaindéim Covid-19 don saol pearsanta, teaghlaigh agus sóisialta agus go bhfuil sé ag cur isteach agus ar shocruithe oibre.

Tá sé d'aidhm ag an mBord Bainistíochta timpeallacht chultúrtha agus oibre a thacaíonn le hiompar sláintiúil agus le folláine na foirne agus beidh uirlisí agus treoir línte sláinte agus folláine á gcur ar fáil go leanúnach don bhfoireann agus eagrófar clár, tograí agus imeachtaí oiriúnacha tacaíochta.

Is tréimhse dúshlánach atá ann do chách. Má fhulaingíonn aon bhall foirne strus nó imní maidir leis an obair nó na socruithe oibre, tugtar cuireadh dóibh labhairt go hoscailte faoi leis an bpríomhoide.



Aguisín 1

Ceistneoir COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair

Ceistneoir COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair

Is ceart don fhoireann an ceistneoir a chomhlánú 3 lá ar a laghad roimh fhilleadh ar an obair.

Más 'Tá' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thíos, moltar duit comhairle leighis a lorg roimh fhilleadh ar an obair.

Ainm:

Ainm na Scoile: Scoil Oilibhéir

Ainm an Phríomhoide: ANTÓIN Ó CLÉIRIGH

Date: _____

	Ceisteanna	Tá	Níl
1.	An bhfuil siomptóim de chasacht, fiabhras, ardteocht, scornach thinn, sileadh sróna, easpa anála nó fliú ort faoi láthair nó an raibh le 14 lá anuas?		
2.	An bhfuil diagnóis ionfhabhtú COVID-19 deimhnithe nó amhrasta déanta ort le 14 lá anuas?		
3.	An bhfuil comhairle tugtha duit ag an FSS go raibh gar-theagmháil agat le duine a bhfuil diagnóis ionfhabhtú deimhnithe nó amhrasta COVID-19 déanta orthu le 14 lá anuas?		
4.	An bhfuil comhairle tugtha ag dochtúir duit tú féin a scaradh ag an am seo?		
5.	An bhfuil comhairle tugtha ag dochtúir duit tú féin a chlutharú ag an am seo?		
6.	An bhfuil comhairle tugtha ag dochtúir duit go bhfuil tú i ngrúpa ardriosca? Má tá labhair le do dhochtúir agus le do Phríomhoide maidir le filleadh ar an obair.		

Deimhním, ar feadh m'eolais, nach bhfuil aon siomptóm de COVID-19 agam, nach bhfuilim do mo scaradh féin ná ag fanacht le torthaí triail COVID-19. Tabhair faoi deara: Tá na sonraí íogaire pearsanta seo á mbailiú ar mhaithe le sábháilteacht sa láthair oibre a chaomhnú i bhfianaise na paidéime Covid-19. Tá an bonn dlí le bailiú na sonraí seo bunaithe ar leasanna rithábachtacha poiblí agus cothabháil na sláinte poiblí agus coinneofear iad slán de réir an pholasaí coinneála.

Sínithe_ _____



Aguisín 2

Teimpléad Riosca Cóivid-19 (Déanann an liosta tagairt do Cóivid-19 mar riosca agus do na socruithe rialuithe atá ag teastáil chun deileáil leis an riosca seo)

Hazards Rioscaí	An bhfuil an riosca ann?	Cén riosca é?	Leibhéal an riosca A=ard M=Measartha Í=íseal	Rialuithe (nuair a bheidh na rialuithe go léir ann laghdófar an riosca)	An bhfuil an rialú seo ann?	Beart/Líosta gnímh/Rialuithe le déanamh *Tá an leibhéal riosca ag tagairt do na rialuithe fós le déanamh sa cholún seo	Duine freagrach	Síniú agus data comhlánaithe an rialaithe
Cóivid-19	T/N	Galar	H	Plean Freagartha Scoile Cóivid-19 ann agus ag teacht le treoir na Roinne Oideachais agus Scileanna agus le Prótacal Sábháilteachta athfhilleadh ar obair agus Treoir na Sláinte Poiblí Díghlarú ag gach seomra Dianghlánadh déanta ar an scoil ar fad Uisce te curtha i ngach seomra Postaeir ar crochadh le meabhrú do dhaoine Pobal na scoile curtha ar an eolas faoi chóras nua don teacht isteach agus don imeacht Pobal na scoile curtha ar an eolas faoi rialacha an Rialtais faoin taisteal thar lear	✓	<i>Cur i bhfeidhm eiseamláireach</i> Treoir shláinte phoiblí an Roinn Sláinte (FSS) maidir le dea- chleachtas sláinteachas agus riospráide a leanúint Ráiteas Polasaí Scoile Cóivid-19 a chomhlánú Foirmeacha Filleadh ar Obair faighte agus léite Traenáil Ionduchtaithe Déanta Rolla a choimeád den bhfoireann, de dhaltaí agus de chuirteoirí	Gach duine Antóin agus an BB Gach duine Gach duine Anna	

Mas gá rialú riosca ard (A)amháin nó níos mó a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbeadh baol gortú ard a bheith ann agus chaithfí gníomhú láithreach. Más measartha(M) é an riosca ní mór deileáil leis a luaithe agus is féidir. Más íseal (I) é an riosca ba chóir é a mhaolú chomh luath agus is praiticiúil.

Measúnú riosca déanta ag : Shirley Cleary

Dáta: 22 Lúnasa 2020



Aguisín 3

Ainm na Scoile: Seoladh na Scoile:

Loga Rianú Teagmhála do Chuartheoirí chun na scoile

Scoil Oilibhéir

An Chúil Mhín, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15, D15 PX99

Teagmhálaí na Scoile le haghaidh fiosruithe: ANTÓIN Ó CLÉIRIGH

Uimhir theagmhála teileafóin/ seoladh ríomhphoist le haghaidh fiosruithe:

085-1616016 priomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com

Ainm an Chuartheora	Am Iontrála chun na scoile	Am Imeachta ón scoil	Fáth na cuairte (Conraitheoir, Tuismitheoir, Eile)	Más conraitheoir, ainm agus seoladh na cuideachta	Sonraí teagmhála an chuartheora	Dáta na Cuairte	Na daoine ar bhuail an cuairteoir leo (líne ar leith do gach duine ar bhuail an cuairteoir leo)	An méid ama a caitheadh le gach duine sa scoil

Aguisín 4

Teacht isteach agus imeacht ón scoil ag bun na cáipéise seo



A Covid-19 Response Plan is designed to support the staff and Board of Management (BOM)/Education Training Board (ETB) in putting measures in place that aim to prevent the spread of Covid-19 in the school environment. The Covid-19 Response Plan details the policies and practices necessary for a school to meet the Government's 'Return to Work Safely Protocol', the Department of Education plan for school reopening and to prevent the introduction and spread of Covid-19 in the school environment.

It is important that the resumption of school-based teaching and learning and the reopening of school facilities complies with the public health advice and guidance documents prepared by the Department. Doing so minimises the risk to pupils, staff and others. The response plan supports the sustainable reopening of school where the overriding objective is to protect the health of staff and pupils while promoting the educational and development needs of the pupils in the school. The COVID-19 response plan is a living document and will be updated in line with the public health advice as appropriate for primary and special schools.

In line with the Return to Work Safely Protocol, the key to a safe and sustainable return to work, and reopening of schools requires strong communication and a shared collaborative approach between the BOM/ETB, staff, pupils and parents.

The assistance and cooperation of all staff, pupils, parents, contractors and visitors is critical to the success of the plan.

Every effort is made to ensure the accuracy of the information provided in this document. However, should errors or omissions be identified, please notify us so that appropriate measures can be taken to rectify same.

This a live document and will be reviewed when required, in line with DES and HSE Public Health Advice.


School COVID-19 Policy

A COVID-19 policy outlines the commitment of the school to implement the plan and help prevent the spread of the virus. The policy will be signed and dated by the chairperson and principal of the BOM/ETB and brought to the attention of the staff, pupils, parents and others. Schools must have a COVID-19 policy in place prior to the reopening of schools for the 2020/21 school year.

